# BAILTE, GAIRDÍNÍ AGUS PÁIRCEANNA

Ní cheapfadh duine go gcothódh sráideanna, cosáin agus sraitheanna tithe bithéagsúlacht ach is iomaí ainmhí agus planda a bhíonn gnáthóga acu fiú sna cathracha is mó daonra againn. Taitníonn páirceanna, gairdíní agus reiligí inár limistéir uirbeacha go mór leis an bhfiadhúlra.

Bíonn gealbhain ghaoithe agus sciatháin leathair go hard sna spéartha os cionn ár mbailte agus ár gcathracha ag breith ar na mílte feithidí atá ann. Tá foirgnimh chathrach cosúil le haillte ina mbíonn colúir agus fabhcúin ghorma in ann neadú gan stró. Maireann colúir beo ar an ngreamadaíl a fhaigheann siad ó dhaoine agus maireann fabhcúin ghorma beo ar na colúir. Éiríonn thar cionn le héin cheoil i ngairdíní na mbruachbhailte agus meallann a mbláthcheapacha andúchasacha féileacáin, leamhain agus bumbóga. Téann gráinneoga agus dallóga fraoigh ar patról san oíche, ag ithe na n-inveirteabrach atá le fáil go flúirseach sna fálta agus sna cairn mhúirín.

Bíonn páirceanna uirbeacha cosúil le scamhóga móra i gceantair faoi fhoirgnimh. Cuireann an féar, na crainn agus na plandaí eile atá iontu feabhas ar an aer i mbailte móra agus cathracha, agus is tearmainn iad na páirceanna ag sionnaigh uirbeacha. Tá brocacha i gcuid de na páirceanna is mó agus is cosúil go bhfuil siad ann leis na glúinte. Bíonn ioraí glasa an-choitianta i bpáirceanna na mbailte móra in oirthear na tíre. Is fusa go mór iad a fheiceáil ná na hioraí dúchasacha rua a bhfuil a n-áit tógtha acu. Faightear créatúir mar dhamháin alla tí, luchóga, gilíní agus foichí sna tithe i mbailte móra agus i gcathracha.

Toisc go bhfuil a lán dromchlaí crua sna ceantair uirbeacha glacann siad níos mó teasa i rith an lae ná mar a tharlaíonn i gceantair tuaithe. Scaoileann siad an teas sin amach istoíche ar nós taiscthéitheoirí. Is minic a bhíonn teas níos airde i mbailte agus cathracha, dá bharr sin, ná mar a bhíonn sa dúiche mórthimpeall orthu. Feileann sé seo do bhóiní Dé dhébhallacha agus ealtaí ar an bhfara i rith an gheimhridh, agus meallann an teas níos airde iad isteach sna bailte i gcomhair na hoíche.

Is sna ceantair uirbeacha a bhuaileann leath na ndaoine leis an bhfiadhúlra den chéad uair agus a fhoghlaimíonn siad faoi. Tugann duilleoga ar na sráideanna le fios dúinn cén séasúr atá ann agus cuireann siad dealramh níos fearr ar ár mórbhealaí. Bainimid taitneamh as ceiliúr na camhaoire a bhíonn ag na héin cheoil agus iad ag cosaint a limistéar féin - ár ngairdíní - sula dtosaíonn trácht an bhuaicthrátha ag búiríl. Tá plandaí, ainmhithe agus éin uirbeacha riachtanach d'fholláine lucht na mbailte agus na gcathracha.

## BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

An rud is mó atá ag bagairt ar ghnáthóga uirbeacha ná an obair thógála scriosach. Is minic a bhaintear crainn arda, fálta agus toir nuair atá foirgnimh a n-inlíonadh i ngairdíní móra uirbeacha, agus is rudaí iad seo atá an-tábhachtach don fhiadhúlra. Tugann bóithre nua torann agus carranna leo agus maraítear níos mó ainmhithe agus éin orthu. Nuair a chaitheann daoine bruscar cruthaíonn siad gaistí le breith ar éin agus ainmhithe beaga neamhaireallacha. Is féidir ainmhithe níos airde sa bhia slabhra a chur i mbaol má úsáidtear fiailnimheanna agus lotnaidicídí i ngairdíní.

Déanann truailliú aeir de bharr tráchta dochar do chrainn na sráideanna agus do na léicin a bhíonn ag fás orthu, gan trácht ar an dochar a dhéanann sé d'ainmhithe, d'éin agus do dhaoine. Uaireanta tosaíonn séasúr an ghoir ró-luath sa bhliain i gcás na n-éan uirbeach toisc mearbhall a bheith orthu faoi fhad na laethanta de bharr soilse uirbeacha. Is féidir brú ró-mhór a chur ar ionaid chóireála dramhuisce má fhásann bailte go tapa agus is minic a thruaillítear uisce nuair a sceitheann séarachas nach ndearnadh cóireáil iomlán air isteach ann.

## CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Caithfidh daoine a bheith feasach ar ghnáthóga fiadhúlra chun iad a chosaint. Ba chóir muintir na háite a spreagadh chun na páirceanna agus na háiteanna oscailte atá acu a úsáid agus meas a bheith acu orthu. Ba chóir dóibh páirt a ghlacadh nuair atá cinntí á ndéanamh faoina gceantair féin agus ionchur a bheith acu sna pleananna forbartha, agus a dheimhniú go gcloíonn forbróirí leo. Chinnteodh sé seo go mbeadh foráil faoi chosaint shásúil d'fhiadhúlra na háite ina leithéid de dhoiciméid.

Níor chóir do dhaoine fiailnimh nó lotnaidicíd a úsáid ina ngairdíní - nó fíorbheagán díobh - toisc gur ghnáthóga rí-thábhachtacha iad don fhiadhúlra. Is breá a chuireann boird éan agus folcadáin éan agus boscaí éan agus sciathán leathair le gairdín ar bith. Má chuirtear crainn agus toir a mheallann feithidí agus a mbíonn bláthanna agus caora orthu spreagfaidh siad sin bithéagsúlacht sa ghairdín.

## TUILLEADH EOLAIS

- Dublin Naturalists' Field Club: *www.dnfc.net*
- BirdWatch Ireland: *www.birdwatchireland.ie*
- An Taisce: *www.antaisce.com*
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir: *www.fishingireland.net*
- Wild Dublin le hÉanna Ní Lamhna (O'Brien Press)
- Wild Belfast le Robert Scott (Blackstaff Press)
- Wildlife in Waterford City le Declan McGrath (An Chomhairle Oidhreachta)